Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Iúil 2025
(OR. en)

10841/1/25
REV 1
PV CONS 36
AGRI 309
PECHE 192
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

23 agus 24 Meitheamh 2025

1. An clár oibre a ghlacadh

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10163/25.

2. Formheas na míreanna ‘A’

(a) Liosta neamhreachtach — 10196/25

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) — 10197/25

**Talmhaíocht**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Rialachán lena leasaítear Rialachán an chláir de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht (POSEI) maidir leis na réigiúin is forimeallaí atá buailte ag tubaistí nádúrtha, go háirithe cioclón Chido tubaisteach Mayotte**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>*Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas*<br>a d’fhormheas CST an 19.6.2025 | ❶C | 10067/25 + COR 1<br>PE-CONS 16/25 + COR 1<br>AGRI |

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) agus Airteagal 349 CFAE). Chomhaontaigh an Chomhairle freisin maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal 1.

**An comhshaol**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **Treoir lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl**<br>*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 18.6.2025 | ❶C | 10095/25 + ADD 1<br>6978/25 + REV 1 (da)<br>+ ADD 1<br>ENV |

D'fhormheas an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

Leagtar amach san Iarscríbhinn ráiteas ón Liotuáin agus ráiteas ón Ostair, ón mBulgáir, ón gCróit, ón gCipir, ón tSeicia, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Ungáir, ón Ísiltír, ón Rómáin, ón Spáinn, ón tSlóvaic agus ón tSualainn.

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Cinneadh maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Éigipt**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 19.6.2025 | ❶C | 10066/25<br>PE-CONS 18/25<br>ECOFIN |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 212(2) CFAE).

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 23 MEITHEAMH 2025 (11.00)**

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil<br>*Faisnéis ón gCoimisiún*<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 10402/25 |

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Omnibus maidir leis an talmhaíocht**<br>*Díospóireacht bheartais* | ❶C | 10362/25<br>8983/1/25 REV 1<br>+ ADD 1<br>+ ADD 1 COR 1 |

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**5.** <u>Talmhaíocht</u>

**a)** **Tograí reachtacha reatha** ❶C
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**(i)** **Rialachán lena leasaítear an Rialachán maidir le comheagrú na margaí (CEM) a mhéid a bhaineann le seasamh feirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú** 10296/25

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil agus barúlacha agus ceisteanna na dtoscaireachtaí.

**(ii)** **Rialachán maidir le forfheidhmiú trasteorann rialacha i gcoinne cleachtais éagóracha trádála - staid na himeartha** 10297/25

Pléadh mír 5 (a) (i) agus mír 5 (a) (ii) le chéile.

**(iii)** **Rialachán leasaitheach a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe - staid na himeartha** 10607/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus barúlacha na dtoscaireachtaí ar fáil.

**(b)** **An Chomhdháil um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe (Poznań, an 8-an 10 Bealtaine 2025)** 2 10290/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil. Thug sí dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

**(c)** **An 57ú Comhdháil de Stiúrthóirí Ghníomhaireachtaí Íocaíochta an Aontais (Vársá, an 6-7 Bealtaine 2025)** 2 9926/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(d) **Comhdháil ardleibhéil maidir le taighde, nuálaíocht agus digiteáil chun iomaíochas thalmhaíocht na hEorpa a chur chun cinn agus chun slándáil bia a chinntiú**
**(Vársá, 11-12 Meitheamh 2025)**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

10595/25

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le toradh na comhdhála ardleibhéil maidir le taighde, nuálaíocht agus digiteáil chun iomaíochas thalmhaíocht na hEorpa a chur chun cinn agus chun slándáil bia a áirithiú, a bhí ar siúl i Vársá an 11-12 Meitheamh 2025.

Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

(e) **Cosaint ainmneacha traidisiúnta bia de bhunadh ainmhíoch**
*Faisnéis ón tSeicia, ón Ostair, ón* ***gCróit****, ón Ungáir, ón Iodáil agus ón tSlóvaic le tacaíocht ón bhFrainc, ó Éirinn, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón Spáinn*

10489/25

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia, an Ostair, an Chróit[1], an Ungáir, an Iodáil agus an tSlóvaic ar fáil, le tacaíocht ón bhFrainc, ó Éirinn, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón Spáinn, maidir le hainmneacha traidisiúnta chun bia de bhunadh ainmhíoch a chosaint agus thug sí dá haire barúlacha an Choimisiúin agus na dtoscaireachtaí.

[1] D’iarr an Chróit go luafaí í mar chomhurraitheoir sna miontuairiscí.

**CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 24 MEITHEAMH 2025 (10.00)**

IASCACH

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

6. **Teachtaireacht maidir le hiascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoirlínte le haghaidh 2026** [F2] 9750/25
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún maidir lena theachtaireacht i ndáil le 'Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoirlínte le haghaidh 2026' agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

TALMHAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

7. **Rialachán maidir le hainmhithe a chosaint le linn dóibh a bheith á n-iompar agus le linn oibríochtaí gaolmhara** [❶][C] 9581/25 + COR 1
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an togra reachtach a scrúdú agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin.

8. **Rialachán maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí** [❶][C] 9668/25
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an togra reachtach a scrúdú.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin.

9. **Rialachán lena mbunaítear creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha** ❶C 10020/25 + ADD 1 + ADD 1 COR 1 (lt) + ADD 2
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra reachtach. Thug an Chomhairle dá haire freisin an ráiteas a rinne an Ostair, an Fhionlainn, an Laitvia, an tSlóivéin agus an tSualainn agus an ráiteas a rinne an Coimisiún. Leagtar an dá ráiteas amach san Iarscríbhinn.

**Aon ghnó eile**

10. Iascach

(a) **Úsáid éigeantach IT CATCH chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac** 10231/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le húsáid éigeantach CATCH ón 10 Eanáir 2026 chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chomhrac, chomh maith le cur chun feidhme an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Rialú ar Iascach. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí.

(b) **Cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Rialú ar Iascach** 10232/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Pléadh mír 10(a) agus mír 10(b) le chéile.

(c) **Gníomhaíocht chun stoic éisc a athshlánú i Muir Bhailt agus ionchais níos fearr amach anseo do na hearnálacha atá ag brath ar na stoic sin** 10233/25
*Faisnéis ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil maidir le gníomhaíocht chun stoic éisc a athshlánú i Muir Bhailt agus maidir le hionchais níos fearr amach anseo do na hearnálacha atá ag brath ar na stoic sin. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí.

(d) **Scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann** [2] 10234/25
*Faisnéis ó Éirinn, ón Ísiltír agus ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Éire, an Ísiltír agus an tSualainn ar fáil maidir le deacrachtaí a bhaineann le hiascach scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

(e) **An Comhshocrú Eorpach maidir leis na hAigéin** [2] 9876/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún maidir leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan chomh maith lena raibh le rá ag na toscaireachtaí.

Talmhaíocht

(f) **Ailíniú na gcaighdeán táirgthe a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí allmhairithe i dtéarmaí MRLanna lotnaidicídí** [2] 9995/25
*Faisnéis ón mBulgáir, ón gCróit, ón bhFrainc, ón nGréig, ón Ungáir, ón Iodáil, ó Lucsamburg, ón Rómáin agus ón Spáinn, le tacaíocht ón Ostair*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir, an Chróit, an Fhrainc, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, Lucsamburg, an Rómáin agus an Spáinn ar fáil, agus ar thacaigh an Ostair léi.

(g) **Tograí reachtacha reatha**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha - staid na himeartha** [1][C] 9879/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i ndáil leis an scrúdú ar an togra agus leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach ina leith.

(h) **Iarracht chomhpháirteach le haghaidh talmhaíocht iomaíoch a bheidh oiriúnach don todhchaí — Ag brath ar infhaighteacht modhanna éifeachtacha cosanta plandaí** [2] 10063/25
*Faisnéis ón Ostair, le tacaíocht ón gCróit, ón tSeicia, ón Eastóin, ó Éirinn, ón Iodáil, ón Liotuáin, ón bPortaingéil agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair ar fáil, le tacaíocht ón gCróit, ón tSeicia, ón Eastóin, ó Éirinn, ón Iodáil, ón Liotuáin, ón bPortaingéil agus ón tSlóvaic.

(i) **Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Lipéadú bia san Aontas Eorpach'** [2] 10420/25
*Faisnéis ón mBulgáir, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Ísiltír agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ísiltír agus an Spáinn ar fáil.

(j) **Comhdháil 'An eolaíocht agus an Nuálaíocht le haghaidh Foraoisí Athléimneacha' (Sękocin Stary agus Rogów, 28-29 Bealtaine 2025)** [2] 9739/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an gComhdháil.

(k) **Comhdháil maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar dhaonraí ainmhithe cosanta a bhfuil caillteanais sa talmhaíocht mar thoradh air (an Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2025)** [2] 9116/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an gcomhdháil i ndáil le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar dhaonraí ainmhithe cosanta a bhfuil caillteanais sa talmhaíocht mar thoradh air. Thug sí dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráiteas a ghabhann leis an mír reachtach 'A' a leagtar amach in 10197/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl**<br>*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle* |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA LIOTUÁINE**

'Tacaíonn an Liotuáin leis an athbhreithniú spriocdhírithe ar an Treoir Réime Dramhaíola, agus aithníonn sí a thábhachtaí atá sí chun aghaidh a thabhairt ar bhainistiú an mhéid teicstílí agus bia a chuirtear amú ar fud an Aontais. Creidimid, áfach, nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach sa téacs comhréitigh atá ann faoi láthair ar na dúshláin atá os comhair na mBallstát a bhfuil líon ard teicstílí athláimhe ag teacht isteach chucu.

Sa Liotuáin, is iad teicstílí athláimhe 29 % den tomhaltas teicstíle iomlán – i bhfad níos airde ná meánráta 7.6 % an Aontais. Trí oibreoirí athúsáide a eisiamh ón gcóras um fhreagracht leathnaithe táirgeora, déantar neamhaird de na réaltachtaí a bhaineann le teicstílí athláimhe a bhainistiú. Gan ranníocaíochtaí ó oibreoirí athúsáide tráchtála, déantar an fhreagracht airgeadais as bainistiú dramhaíola a dháileadh go míchothrom i measc táirgeoirí a chuireann teicstílí nua ar an margadh. Cruthaíonn sé sin éagothroime agus cuireann sé bac ar chumas tíortha a bhfuil margaí teicstíle athláimhe suntasacha acu bainistiú dramhaíola cuí a chistiú.

Cé gur díol sásaimh dúinn clásal athbhreithniúcháin a bheith curtha isteach, ní sholáthraítear réitigh láithreacha leis sin amháin. Tá gá le níos mó solúbthachta chun go mbeidh na Ballstáit a bhfuil na dúshláin sin rompu in ann oibreoirí athúsáide tráchtála a áireamh ina gcórais freagrachta leathnaithe táirgeora, lena n-áiritheofar dáileadh níos cothroime costas agus tacaíocht do bhainistiú éifeachtach dramhaíola teicstíle.

Tá an Liotuáin tiomanta i gcónaí d'inbhuanaitheacht an bhainistithe i dtaca leis an méid teicstíle a chuirtear amú a fheabhsú agus molann sí go ndéanfaí tuilleadh machnaimh ar na himthosca uathúla atá os comhair tíortha a bhfuil cuid mhór teicstílí athláimhe acu.'

**RÁITEAS ÓN OSTAIR, ÓN mBULGÁIR, ÓN gCRÓIT, ÓN gCIPIR, ÓN tSEICIA, ÓN bhFRAINC, ÓN nGEARMÁIN, ÓN UNGÁIR, ÓN ÍSILTÍR, ÓN RÓMÁIN, ÓN SPÁINN, ÓN tSLÓVAIC AGUS ÓN tSUALAINN**

'Léirítear go soiléir in Aithris 47 gur gá maoirseacht agus faireachán a dhéanamh agus a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a fhaigheann ardáin ar líne ó thrádálaithe cruinn, iomlán, cothrom le dáta agus ar fáil, ní hamháin i ndáil leis na hoibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) ach freisin i ndáil leis na hoibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora faoi Threoir 2008/98/CE (an Treoir Réime Dramhaíola). Le Rialachán (AE) 2022/2065, ní chuirtear srian ar na Ballstáit agus iad ag áirithiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora faoi Threoir 2008/98/CE, ós rud é go dtacaíonn Rialachán (AE) 2022/2065 le cur i bhfeidhm agus comhlíonadh Threoir 2008/98/CE. Faoi choinníollacha áirithe, féadfar soláthraithe ardán ar líne a chur faoi dhliteanas mura gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí sonracha, go háirithe faoi Rialachán (AE) 2022/2065 agus Treoir 2008/98/CE. Feidhmeoidh na Ballstáit a gcumhachtaí faireacháin faoi seach i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2022/2065 agus Treoir 2008/98/CE chun comhlíontacht soláthraithe ardán ar líne a áirithiú. Chun comhlíonadh a áirithiú, ní mór do sholáthraí an ardáin ar líne fianaise leordhóthanach a chur ar fáil sula gceadaítear do tháirgeoirí na seirbhísí a úsáid. Go háirithe, baineann sé sin le clárú a fhíorú agus a chinntiú.

Agus muid ar an eolas faoin margadh ríomhthráchtála atá ag dul i méid agus faoi na hiarmhairtí a bhaineann leis, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal 'Bosca uirlisí cuimsitheach de chuid an Aontais don ríomhthráchtáil shábháilte inbhuanaithe', táimid ag brath ar thacaíocht ón gCoimisiún Eorpach chun dul i ngleic leis an dúshlán tábhachtach sin. Ní mór don Treoir Réime Dramhaíola, a ndéanfar athbhreithniú uirthi sa Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach, cothrom iomaíochta agus cosaint leanúnach an chomhshaoil a áirithiú. Tacaímid le hoibleagáid níos sonraí a áireamh sa Treoir Réime Dramhaíola chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh ardáin ar líne a n-oibleagáidí faoi gach córas freagrachta leathnaithe táirgeora.'

**<u>Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach 'B' a leagtar amach in 10163/25</u>**

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 9 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Rialachán lena mbunaítear creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN OSTAIR, ÓN bhFIONLAINN, ÓN LAITVIA, ÓN tSUALAINN AGUS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Aontaíonn an Ostair, an Fhionlainn, an Laitvia, an tSualainn agus an tSlóivéin go bhfuil sé tábhachtach faisnéis inchomparáide chomhsheasmhach a chur ar fáil maidir le staid agus úsáid foraoisí san Aontas chun rannchuidiú leis an mbithgheilleagar, an t-athrú aeráide a chomhrac, an bhithéagsúlacht a chosaint agus, ar an gcaoi sin, athléimneacht fhoriomlán na bhforaoisí a neartú. Ó thús na caibidlíochta, chuir an Ostair, an Fhionlainn, an Laitvia, an tSualainn agus an tSlóivéin in iúl go soiléir nach mór na cuspóirí agus na tairbhí a bhaineann le gníomh dlí ceangailteach a bheith dírithe ar bhreisluach iarbhír ar leibhéal an Aontais, agus costais bhreise agus ceanglais dhíréireacha á seachaint agus, ag an am céanna, imthosca náisiúnta agus córais náisiúnta sheanbhunaithe faireacháin ar fhoraoisí á gcur san áireamh go hiomlán, mar chuid de chur chuige ón mbun aníos. Thairis sin, ní mór cáilíocht agus slándáil na sonraí foraoise a chaomhnú, go háirithe maidir le sonraí oibríochtúla íogaire agus an chosaint is gá ar shuíomh dháileachtaí talún samplála na bhfardal náisiúnta foraoise.

Le blianta fada anuas, tá córas feidhmiúil faireacháin ar fhoraoisí ar bun ag an Ostair, an Fhionlainn, an Laitvia, an tSualainn agus an tSlóivéin bunaithe ar fhardal foraoise cuimsitheach agus léirmhíniú cuimsitheach ar thomhais mar fhaisnéis arna dhéanamh ag saineolaithe náisiúnta inniúla. Áirítear leis an gcomhar rathúil idir na fardail náisiúnta foraoise, thar aon ní eile, comhchuibhiú sonraí foraoise. Tá Ballstáit an Aontais leabaithe chomh maith céanna sa chóras idirnáisiúnta tuairiscithe le cur i láthair tréimhsiúil ar staid na bhforaoisí (eadhon measúnú ar acmhainní foraoise agus staid fhoraoisí na hEorpa faoi phróiseas Forest Europe).

Ba é toradh na hoibre crua a rinne an Uachtaránacht seo agus na hUachtaránachtaí roimhe seo an téacs comhréitigh, ar tháinig feabhas suntasach air i gcomparáid leis an togra tosaigh agus meastar gur céim sa treo ceart é. Baineann sé sin go háirithe leis an gcur chuige ón mbun aníos atá bunaithe ar shonraí foraoise náisiúnta, le scriosadh léarscáileanna atá sainráite ó thaobh na geografaíochta de, le haonaid foraoise, le táscairí áirithe agus le forálacha a bhaineann le pleananna bainistithe foraoise a fhágáil ar lár.

Mar sin féin, tá roinnt príomhghnéithe fós ann a bhainfeadh tairbhe, dar linne, as soiléiriú breise. Baineann sé sin go bunúsach leis an ngá atá le gníomh dlí maidir le prionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta a chosaint, an sainmhíniú ar fhoraoisí, an gá atá le táscairí aonair mar shampla foraoisí príomhúla agus foraoisí seanfháis a scriosadh, chomh maith le líon agus raon feidhme na ngníomhartha tarmligthe. Is ábhar imní ar leith iad na gníomhartha tarmligthe sin, ós rud é go bhféadfadh úsáid fhorleathan gníomhartha tarmligthe an bonn a bhaint de phrionsabal na coimhdeachta agus cinntí faoi inniúlacht na mBallstát a aistriú uathu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara ní hamháin go mbeidh sé ina ábhar imní ó thaobh an dlí de gníomhartha tarmligthe a chur san áireamh, ach gur mór an dóchúlacht freisin go dtiocfaidh méadú suntasach ar na costais cur chun feidhme do na Ballstáit dá mbarr.

Glacann an Ostair, an Fhionlainn, an Laitvia, an tSualainn agus an tSlóivéin leis go ndéanfar tuilleadh plé ar na saincheisteanna thuasluaite sa phróiseas caibidlíochta atá romhainn agus go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar na príomhábhair imní sin mar aon le simpliú breise.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Gabhann an Coimisiún buíochas leis an Uachtaránacht as na hiarrachtaí a rinneadh chun teacht ar chomhaontú maidir le Cur Chuige Ginearálta na Comhairle, aithníonn sé an dul chun cinn atá déanta ag na comhreachtóirí, agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sí sásta obair a dhéanamh ar an togra, lena n-áirítear maidir le simpliú.

Mar sin féin, cuireann an Coimisiún in iúl go bhfuil imní air maidir le Cur Chuige Ginearálta bunaithe ar líon suntasach leasuithe lena n-athraítear croí-eilimintí an togra le chéile agus lena gcuirtear cosc ar bhaint amach a chuspóirí, rud a fhágann go mbaintear a raison d'être de. Go deimhin, dá nglacfaí iad, is é an toradh a bheadh ar na leasuithe sin creat faireacháin foraoise de chuid an Aontais nach bhfuil oiriúnach don fheidhm agus nach n-áiritheodh leibhéal leordhóthanach solúbthachta chun dul chun cinn teicneolaíoch amach anseo a chur san áireamh ná an tógáil athléimneachta is gá in aghaidh tubaistí arb é an aeráid is cúis leo. Ag an am céanna, bheadh costais agus ualach riaracháin níos mó ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta mar thoradh air agus ní rannchuideodh sé leis an gcuspóir sonraí caighdeánaithe ardcháilíochta a chur ar fáil ar fud an Aontais.

Ar an gcéad dul síos, cé go mbeadh an Coimisiún sásta oibriú leis na comhreachtóirí maidir le feabhas a chur ar an togra i ndáil le táscairí, dá scriosfaí ina n-iomláine na táscairí uile a bhfuil faireachán le déanamh ag an gCoimisiún orthu trí Fhaire na Cruinne agus trí scriosadh na forála maidir le comhroinnt sonraí amhthalún, chuirfí **bac ar an teaglaim de shonraí um fhaire na Cruinne agus sonraí talún, dhéanfaí difear do cháilíocht agus do chruinneas na sonraí**, agus thabharfaí isteach **ualach neamhriachtanach** orthu leis an moladh go n-aistreofaí an fhreagracht as roinnt sonraí a bhailiú chuig na Ballstáit.
Ar an dara dul síos, chuirfeadh na hathruithe atá beartaithe **cosc** ar **mhapáil** sonraí foraoise ar fud an Aontais, rud a chuirfeadh teorainn le breisluach an Rialacháin i gcomparáid leis na creataí tuairiscithe idirnáisiúnta atá ann cheana, rud a laghdódh an acmhainneacht simplithe a bhaineann le húsáid léarscáileanna ag gníomhaithe foraoise agus ag páirtithe leasmhara atá beartaithe sa togra.

Ar an tríú dul síos, dá scriosfaí go struchtúrach íosmhinicíocht an bhailithe sonraí, na gcaighdeán cruinnis agus an phróisis measúnaithe cáilíochta sonraí, **bhainfí an bonn den chuspóir sonraí foraoise atá tráthúil agus iontaofa a sholáthar** san Aontas.

Ar deireadh, trí na táscairí uile a bhaineann le hathléimneacht a scriosadh go hiomlán, theipfeadh ar an togra faireachán fíor-ama ar **thionchair aeráide ar fhoraoisí an Aontais** a chur chun cinn **agus feabhas a chur ar an tuiscint ar an idirghníomhú idir bainistiú, éagsúlacht agus athléimneacht**.

Tá súil ag an gCoimisiún gur féidir aghaidh a thabhairt ar na príomhábhair imní atá aige le linn an nós imeachta reachtaigh. Dá ndaingneodh na comhreachtóirí an dréachtseasamh reatha ón gComhairle, d'fhéadfadh an Coimisiún smaoineamh ar an togra a tharraingt siar.'